Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Nollaig 2019
(OR. en)

15262/19

CLIMA 339
ENV 1038
FIN 837
STATIS 82
ECO 129

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Nollaig 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14905/19 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal European Environmental Economic Accounts: usefulness for policymakers can be improved [Cuntais Eacnamaíocha Chomhshaoil na hEorpa: is féidir a bhfiúntas do lucht ceaptha beartas a fheabhsú]<br>- Conclúidí ón gComhairle |

San Iarscríbhinn, gheobhaidh na toscaireachtaí na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2019 dar teideal *European Environmental Economic Accounts: usefulness for policymakers can be improved* [Cuntais Eacnamaíocha Chomhshaoil na hEorpa: is féidir a bhfiúntas do lucht ceaptha beartas a fheabhsú], mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3741ú cruinniú a bhí aici ar an 19 Nollaig 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *European Environmental Economic Accounts: usefulness for policymakers can be improved* [Cuntais Eacnamaíocha Chomhshaoil na hEorpa: is féidir a bhfiúntas do lucht ceaptha beartas a fheabhsú]**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI a conclúidí maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí i gcomhthéacs an nós imeachta um tharscaoileadh[1].

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *European Environmental Economic Accounts: usefulness for policymakers can be improved* [Cuntais Eacnamaíocha Chomhshaoil na hEorpa: is féidir a bhfiúntas do lucht ceaptha beartas a fheabhsú];

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta;

3. AITHNÍONN SÍ an ról lárnach atá ag Cuntais Eorpacha Eacnamaíocha Chomhshaoil (EEEA) maidir le ceapadh beartas agus a dtábhacht mar fhoinse faisnéise do bheartais chomhshaoil; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndéanann EEEA cur síos ar an ngaol idir an comhshaol agus an geilleagar, a fhágann gur féidir le lucht ceaptha beartas measúnú a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht idir saincheisteanna comhshaoil agus eacnamaíocha;

4. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór rochtain a bheith ag lucht ceaptha beartas ar fhaisnéis atá cothrom le dáta agus iontaofa chun dul chun cinn comhshaoil i dtreo forbartha inbhuanaithe;

5. AONTAÍONN SÍ dá bhrí sin, gur féidir fiúntas EEEA a fheabhsú i gcomhréir le moltaí na Tuarascála Speisialta;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil éileamh ann ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon ar shonraí eacnamaíocha comhtháite comhshaoil as a bhféadfar leas a bhaint i roinnt beartas náisiúnta agus de chuid an Aontais amhail an t-athrú aeráide, an geilleagar ciorclach, caipiteal nádúrtha, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht agus uiscí intíre agus mara, SDGanna, an Seimeastar Eorpach agus Maoiniú Glas;

[1] 7515/00 + COR 1

7. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról lárnach atá ag na Ballstáit bearnaí sna sonraí a líonadh; CUIREANN SÍ I dTREIS an gá le treoir iomchuí a sholáthar do na Ballstáit agus le comhar idir na gníomhaithe atá rannpháirteach i dtiomsú EEEA; CUIREANN SÍ I bhFIOS, i dtaca leis sin, agus na bearnaí a shainaithnítear sa Tuarascáil Speisialta á líonadh, gur cheart riachtanais agus ualaí na mBallstát, chomh maith le srianta acmhainní na n-institiúidí náisiúnta staidrimh, a chur san áireamh;

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair atá á déanamh cheana chun feabhas a chur ar anailís ar riachtanais bheartais, ar shocrú tosaíochta agus ar thráthúlacht shonraí EEEA, ar ábharthacht mhodúil EEEA, chomh maith leis an bplean gníomhaíochta chun Straitéis Eorpach na gCuntas Comhshaoil a chur chun feidhme; MEASANN SÍ go mbeadh an obair sin agus cur chun feidhme mholtaí na Tuarascála Speisialta chun tairbhe na mBallstát ina gcuid oibre, a d'fhágfadh go mbeadh feabhas ar cháilíocht EEEA;

9. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na moltaí a leagtar amach sa Tuarascáil Speisialta a chur chun feidhme laistigh de na tréimhsí ama a mholtar.